Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Mhaigh Eo
Mayo Local Community Development Committee

# LCDC Mhaigh Eo
# Tuarascáil Bhliantúil
# 2023

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council

**Commented [D1]:** Translator's Note: Could the designers edit the length of the header above and the footer below so that all text is visible? Thanks



Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Mhaigh Eo
Mayo Local Community Development Committee

# Clár Ábhar

Brollach le Cathaoirleach an LCDC…………………………………………………….……. 4

1. Réamhrá agus an bhunreachtaíocht ............................................................................ 5
2. Ballraíocht agus Freastal ar Chruinnithe in 2023..........................................................6
3. Maoirseacht ar Chláir.................................................................................................. 7
   - 3.1. Clár SICAP 2018-2022............................................................................... 7
   - 3.2. An Clár Náisiúnta um Fhorbairt Tuaithe (LEADER) .................................. 8
   - 3.3. An Ciste Tacaíochta Pobail 2022/2023 faoin gClár um Fheabhsú an Phobail (CEP)………………......................................................................................... 9
4. Freagairt Mhaigh Eo don Úcráin................................................................................ 11
5. An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (Gnéithe Pobail) ………....………… 11
   - 5.1. An Grúpa Oibre Oideachais, Oiliúna agus Scileanna................................. 11
   - 5.2. An Grúpa Oibre Ionchuimsithe Shóisialta agus Forbartha Pobail ……..... 11
   - 5.3. An Grúpa Oibre Sláinte agus Folláine...................................................... 13
   - 5.4. An Grúpa Oibre Oidhreachta, Comhshaoil, Teanga agus Cultúir ............ 15
6. Comhairle na nÓg, Maigh Eo..…………………………………………………..……….15
7. Clár Phobail Shláintiúla Sláintecare............................................................................ 17
8. Ráiteas Scoir……………………………………………………..…………….………….. 21

## Brollach le Cathaoirleach an LCDC



Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil LCDC Mhaigh Eo don bhliain 2023 a chur i láthair. Thionóil LCDC Mhaigh Eo deich gcruinniú in 2023, ar chruinnithe cumaisc iad uile. Bliain ghnóthach eile a bhí ann ina ndearnadh leithdháiltí ar Chontae Mhaigh Eo trí LEADER, an Clár um Ghníomhachtú an Ionchuimsithe Shóisialta sa Phobal (SICAP), Éire Shláintiúil, Pobail Shláintiúla Sláintecare (SHC) agus trí shruthanna cistithe eile.

Lean baill den LCDC in 2023 ag oibriú go comhoibritheach le cláir éagsúla a sholáthar a dhírigh ar Ionchuimsiú Sóisialta, Sláinte agus Folláine agus Oiliúint agus Oideachas. Molaim a dtiomantas agus a gcur chuige. Cinntíonn an toilteanas seo chun obair le chéile go mbaintear an tairbhe is mó amach do na cláir a sholáthraítear.

Is mian liom an fhoireann i Rannóg Pobail Chomhairle Contae Mhaigh Eo a aithint agus buíochas a ghabháil leo, a thacaíonn leis an LCDC agus an LAG (an Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta) agus a oibríonn lena chinntiú go n-uasmhéadaítear an méid a chuirtear ar fáil i Maigh Eo faoi na cláir agus faoi na deiseanna cistithe atá ar fáil. Gabhann muid buíochas freisin le foirne ár gcomhpháirtithe éagsúla i gCuideachta Forbartha Mhaigh Eo Thiar Theas, Comhar na nOileán, Moy Valley Resources, Forbairt Chomhtháite na Tuaithe (IRD), Coillte Mach agus Comhpháirtíocht LEADER Mhaigh Eo Thoir Thuaidh.

Gabhaim buíochas leis an gComhairleoir Neil Cruise a bhí tiomanta mar Chathaoirleach le trí bliana anuas do chlár oibre forleathan an LCDC a sholáthar. Thug sé tacaíocht leanúnach don fhoireann agus bhí páirt ghníomhach aige sa chlár a chur i bhfeidhm.

Táim ag tnúth le hoibriú go comhoibritheach in 2024 agus leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail nua agus le Straitéis Forbartha Áitiúil do Chlár LEADER 2023-2027 do Chontae Mhaigh Eo a sholáthar.

**An Comhairleoir Al McDonnell, Cathaoirleach LCDC Mhaigh Eo**

## 1. Réamhrá

Is éard atá sa cháipéis seo ná an Tuarascáil Bhliantúil do Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) Mhaigh Eo don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023. Ullmhaíodh an tuarascáil i gcomhthéacs Chaibidil 2 Alt 128B(1)(i) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna chur isteach leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, ina luaitear gurb é ceann d'fheidhmeanna Coiste Forbartha Pobail Áitiúil: "tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain, tuarascáil a ullmhú, a ghlacadh agus a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna le linn na bliana díreach roimh an mbliain ina gcuirtear an tuarascáil isteach".

## An Bhunreachtaíocht

Foráiltear in Alt 49A den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna chur isteach leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, do Choistí Forbartha Pobail Áitiúil a bhunú.

Seo a leanas feidhmeanna an LCDC mar a leagtar amach san Acht:

1. Cur chuige comhleanúnach, comhtháite i leith forbairt áitiúil agus pobail a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i ngníomh.
2. Gnéithe pobail de Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) 6 bliana a ullmhú. Cur i bhfeidhm ghnéithe pobail an Phlean nó cur i bhfeidhm na ngnéithe siúd a shocrú.
3. Athbhreithniú a ghabháil de láimh ar na gnéithe pobail den Phlean uair amháin ar a laghad laistigh den tréimhse 6 bliana féilire agus, más gá, gnéithe pobail an Phlean a leasú.
4. Faireachán a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar chur i ngníomh na ngnéithe pobail den Phlean agus, más cuí, athmheas a dhéanamh ar na gníomhartha agus na straitéisí a leagtar amach chun cuspóirí na ngnéithe pobail den Phlean a bhaint amach.
5. Cur i bhfeidhm cláir forbartha áitiúla agus pobail a chomhordú, a bhainistiú agus a fhormhaoirsiú a bheidh ceadaithe ag an údarás áitiúil ábhartha nó trí chomhaontú idir an LCDC agus údarás poiblí ábhartha (e.g., roinn rialtais, gníomhaireacht Stáit etc.).
6. Comhordú cláir forbartha pobail agus áitiúla a chistítear go poiblí a fheabhsú agus dúbláil a laghdú.
7. Anuas ar chláir a chistítear go poiblí, comhordú ginearálta na gclár forbartha áitiúil agus pobail laistigh de limistéar feidhme an LCDC.
8. Breithniú a dhéanamh ar dhréacht de ghnéithe geilleagracha an Phlean agus glacadh le ráiteas a bhreithneoidh an Chomhairle ina leith seo, agus
9. Tuarascáil bhliantúil a ullmhú ar chomhlíonadh a fheidhmeanna.

Tá sé freagrach chomh maith as maoirseacht a dhéanamh ar chaiteachas forbartha pobail agus áitiúil, an Clár Náisiúnta um Fhorbairt Tuaithe 2014-2020 (LEADER), SICAP, Éire Shláintiúil agus an Clár um Fheabhsú an Phobail san áireamh.



LCDC
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Mhaigh Eo
Mayo Local Community Development Committee

# 2. Ballraíocht agus Freastal ar Chruinnithe in 2023

## Ballraíocht an LCDC

Bunaíodh LCDC Mhaigh Eo in Iúil 2014 agus tá 19 mball ann, ionadaithe as baill agus foireann Údaráis Áitiúil, ionadaithe as Comhlachtaí Poiblí; ionadaithe as leasanna comhpháirtithe sóisialta áitiúla; ionadaithe pobail áitiúil; agus ionadaithe comhlachtaí forbartha áitiúla a chistítear go poiblí nó a dtacaítear go poiblí leo ina measc. Caithfidh formhór na mball a bheith as an earnáil neamhreachtúil.

Ar mhaithe le Clár LEADER a mhaoirsiú, mhéadaigh an LCDC a líon suíochán aníos ó 19 go 22 leis na leasanna forbartha áitiúla uile a bhaineann le soláthar an chláir a chur san áireamh. Tugtar an Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta (an GÁG) faoi stiúir an LCDC air seo.

## Freastal ar Chruinnithe in 2023

| Freastal ar Chruinnithe an LCDC in 2022 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ainm an Bhaill | Eagraíocht | 24 Ean | 28 Fea | 25 Aib | 13 Mei | 25 Iúi | 19 M.F. | 21 Sam |
| An Comh. Neil Cruise (Cath.) | Comhairle Contae Mhaigh Eo | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ | ✓ |
| An Comh. Al McDonnell | Comhairle Contae Mhaigh Eo | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Comh. Richard Finn | Comhairle Contae Mhaigh Eo | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ |
| An tUas. Kevin Kelly | Príomhfheidhmeannach CCME | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An tUas. John Magee | Ceann Fiontraíochta - CCME | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ |
| An tUas. Laurence Gaughan | FSS | | ✓ | ✓ | | | ✓ | |
| An tUas. Pat Howley | MSLETB | ✓ | | ✓ | | ✓ | | ✓ |
| An tUas. Martin O'Toole | An Roinn Coimirce Sóisialaí | | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An tUas. Seán Ó Coisdealbha | Údarás na Gaeltachta | | | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| An tUas. Sabina Trench | SWMDC | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An tUas. Justin Sammon | MNE | ✓ | | ✓ | | ✓ | | ✓ |
| An tUas. Siobhán Gough | LRP – Pobal agus Deonach | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | | ✓ |
| An tUas. Billy Freeley | LRP – Pobal agus Deonach | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An tUas. Austin F. O'Malley | LRP – Ionchuismiú Sóisialta | ✓ | ✓ | | | ✓ | ✓ | |
| An tUas. Bernard Joyce | LRP – Comhshaoil | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ |
| An tUas. James O'Doherty | Cumann Tráchtála | | ✓ | ✓ | | | | |
| An tUas. Michael Lennon | Cumann Tráchtála | | | | | ✓ | ✓ | ✓ |
| An tUas. John Comer | Colún Feirmeoireachta | | | | | | | |
| Bernadette Heneghen, Uasal | Comhairle Trádála | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ | |
| An tUas. Mary Jackson | LRP – Ionchuismiú Sóisialta | ✓ | | | | | | ✓ |

Cuimsítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo gníomhaíochtaí an LCDC agus an LAG faoi stiúir an LCDC araon.

# 3 Maoirseacht ar Chláir

## 3.1 Clár SICAP 2018-2022:

Tá feidhm bhainistíochta agus mhaoirseachta ag LCDC Mhaigh Eo maidir leis an gClár Gníomhachtaithe Ionchuimsithe Shóisialta agus Pobail (SICAP) 2018-2022. Clár náisiúnta é seo a bhfuil de chuspóir aige bochtaineacht, eisiamh sóisialta, agus dífhostaíocht fhadtéarmach a chomhrac. Is é a fhís feabhas a chur ar fhéidearthachtaí agus ar dheiseanna dóibh siúd is mó atá imeallaithe sa tsochaí, a mhaireann faoin mbochtaineacht nó atá dífhostaithe trí chur chuige forbartha pobail, tacaíochtaí spriocdhírithe, agus comhoibriú idirghníomhaireachta.

Bhronn LCDC Mhaigh Eo conradh le Clár SICAP a sholáthar ar bheirt Chlárfheidhmeoirí (Planna) in 2018 agus déanann sé monatóireacht ar ghnéithe airgeadais agus neamhairgeadais an Chláir a sholáthar i dtrí Shuíomh SICAP Mhaigh Eo. Chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail síneadh breise bliana go dtí an 31 Nollaig 2023 le Clár SICAP in Iúil 2021.

Bhunaigh LCDC Mhaigh Eo comórtas tairisceana in 2023 do chlár nua SICAP a thosóidh in 2024 agus a leanfaidh ar aghaidh go dtí 2028. Bronnadh dhá cheann de thrí Shuíomh Mhaigh Eo mar seo a leanas faoi dheireadh 2023:

- Bronnadh conradh ar Chuideachta Forbartha Mhaigh Eo Thiar Theas (SWMDC) chun SICAP a sholáthar i Suíomh 29-3 Ceantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh agus Chlár Chlainne Mhuiris.

- Bronnadh conradh ar Chomhpháirtíocht LEADER Mhaigh Eo Thoir Thuaidh (MNELP) chun Clár SICAP a sholáthar i Suíomh 29-2 Ceantar Bardasach Bhéal an Átha agus Iarthar Mhaigh Eo.

Seo a leanas achoimre ar Bhuiséid Suímh agus Spriocanna Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF) SICAP don bhliain 2023:

| Suíomh | Buiséad Bliantúil | Sprioc PTF 1 | Sprioc PTF 2 |
|---|---|---|---|
| **Suíomh 29-1 Oileáin Mhaigh Eo** | €51,099.00 | 4 | 22 |
| **Suíomh 29-2 Béal an Átha agus Iarthar Mhaigh Eo** | €1,055,726.00 | 29 | 441 |
| **Suíomh 29-3 Caisleán an Bharraigh agus Clár Chlainne Mhuiris** | €787,819.00 | 36 | 256 |

## 3.2 Clár Náisiúnta um Fhorbairt Tuaithe LEADER:

Cuireann Clár LEADER tacaíocht ar fáil do phobail tuaithe ar fud an Aontais Eorpaigh chun páirt ghníomhach a ghlacadh agus forbairt áitiúil a gceantair a stiúradh, trí fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail. Cur chuige ón mbun aníos é LEADER i leith tacaíocht a sholáthar do phobail faoin gClár Náisiúnta um Fhorbairt Tuaithe 2014-2020. Bronnann Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta (LAGanna) deontais ar thionscadail a thacaíonn le Straitéis Forbartha a Ullmhaítear go hÁitiúil a sholáthar faoi thrí (3) phríomhthéama: Forbairt Gheilleagrach Áitiúil, Forbairt Fiontraíochta agus Cruthú Post, Ionchuimsiú Sóisialta agus an Timpeallacht Tuaithe.

Is é an LAG faoi stiúir LCDC Mhaigh Eo an comhlacht cinnteoireachta deiridh maidir le leithdháiltí LEADER. Soláthraíonn Cuideachtaí Forbartha Áitiúla tacaíocht forbartha agus beochana do thionscnóirí tionscadail bunaithe ar a réigiún tíreolaíoch sa chontae. Is iad seo Cuideachta Forbartha Mhaigh Eo Thiar Theas , Comhpháirtíocht LEADER Mhaigh Eo Thoir Thuaidh, Moy Valley Resources, Comhar na nOileán agus IRD Choillte Mach. Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo comhpháirtí airgeadais áitiúil an chláir agus riartar an cistiú go náisiúnta tríd an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Cuireadh síneadh le Clár LEADER 2014-2020 go dtí an 31 Márta 2020. Tosaíodh clár Aistrithe LEADER agus Cláir Chistithe EURI (Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh) in 2022. Cuireadh síneadh go dtí an 31 Nollaig 2023 le leithdháileadh deiridh an chistithe faoi na scéimeanna seo, agus tá an caiteachas uile go faoi na scéimeanna seo le tabhú faoin 31 Márta 2020, agus tá éilimh dheiridh le bheith seolta ar aghaidh chuig an DRCD faoi Mheitheamh 2024.

**Achoimre 2023**

- Chas LAG Mhaigh Eo ar a chéile 10 n-uaire in 2023.
- Faomhadh Thionscadail LEADER – 9 dTionscadal ar luach €176,379.21
- Éilimh Thionscadail LEADER – 61 éileamh ar luach €1,810,108.63

D'ullmhaigh agus sheol LCDC Mhaigh Eo Straitéis Forbartha Áitiúil (LDS) chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail go measfaí gurbh incháilithe é le Clár LEADER comhchistithe an AE don tréimhse 2023-2027 a sholáthar do Chontae Mhaigh Eo ina iomláine. Tugadh faoi chomhairliúchán agus taighde forleathan agus an LDS á fhorbairt. Próiseas iomaíoch é seo agus ní bhfuarthas aon toradh faoi dheireadh na bliana 2023.

### 3.3 An Ciste Tacaíochta Pobail 2022/2023 faoin gClár um Fheabhsú an Phobail (CEP)

Tá **an CSF (an Ciste Tacaíochta Pobail)** cistithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (*an Roinn*) agus riarann na Coistí Forbartha Pobail Áitiúla (LCDCanna) é i ngach limistéar Údaráis Áitiúil.

Cuireann an Roinn cistiú ar fáil do gach limistéar Údaráis Áitiúil (ÚÁ) agus riarann an LCDC an cistiú seo ansin go háitiúil lena chinntiú go ndírítear cistiú go cuí i dtreo dul i ngleic le míbhuntáiste sna ceantair is mó óna dteastaíonn sé.

Thacaigh an Ciste Tacaíochta Pobail le grúpaí pobail agus deonacha:

- Lena gcostais reatha neamhphá, cosúil le billí fóntais (costais leictreachais, táillí bruscair, táillí téimh) nó le costais oibriúcháin eile neamhphá, ar nós costais chíosa/léasa, billí árachais.
- Bhí grúpaí in ann an cistiú a úsáid chomh maith chun tabhairt faoin gcaiteachas caipitiúil riachtanach a chaitheamh - deisiúcháin agus feabhsúcháin ar a n-áiseanna, trealamh a cheannach cosúil le táblaí agus cathaoireacha, uirlisí agus comharthaíocht, ríomhairí glúine agus printéirí, lomairí faiche, ceannbhrait, agus trealamh oiliúna etc.

Mar gheall gurbh é seo an chéad uair a riaradh an scéim seo ar líne trí ardán Consult, cuireadh dhá (2) chúrsa oiliúna ar líne ar siúl. Fuarthas 222 iarratas, ar an iomlán, ar líne.

Leithdháileadh €378,225.72 ar Mhaigh Eo, agus bhronn an LCDC an cistiú mar seo a leanas:

| | **Cistiú Chatagóir 1 a Faomhadh (deontais <€1000)** | **Cistiú Chatagóir 2 a Faomhadh (deontais > €1000)** |
|---|---|---|
| **Caipiteal** | €16,650 | €174,049 |
| **Reatha** | €19,221 | €168,151 |
| | €35,871 | €342,200 |

Bhí na héilimh incháilithe uile íoctha faoi dheireadh mhí na Nollag 2023.

## 4. Fóram Freagartha Pobail Mhaigh Eo don Úcráin

Bhunaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo an fóram seo i dtosach i Márta 2019 mar fhreagairt do phaindéim Covid-19 agus cuireann an grúpa seo freagairt chomhoibritheach idirghníomhaireachta ar fáil anois don ghéarchéim san Úcráin. I measc na mball tá ionadaithe ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo (Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo, Líonra Rannpháirtíochta Pobail Mhaigh Eo, Aoisbhá Mhaigh Eo, Éire Shláintiúil, Tithíocht), Ionad Oibrithe Deonacha Mhaigh Eo, an Garda Síochána, Tusla, FSS, an Roinn Coimirce Sóisialaí, an tIonad um Fhaisnéis do Shaoránaigh, CYPSC, Nasc Áitiúil, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma agus Grúpaí Tacaíochta don Úcráin ina measc.

Is é ról an Fhóraim freagairt Mhaigh Eo a chomhordú i dtaobh tacaíochtaí áitiúla a sholáthar a theastaíonn ó dhídeanaithe, idirchaidreamh a dhéanamh san áireamh le soláthraithe seirbhíse áitiúla, bearnaí seirbhíse agus réitigh a shainaithint agus comhoibriú i measc soláthraithe seirbhíse i Maigh Eo a spreagadh.

Chas an grúpa seo gach coicís le soláthar freagairtí spriocdhírithe a chomhordú do na dúshláin a chruthaigh an cogadh in aghaidh na hÚcráine. I measc na bhfreagairtí seo bhí an méid seo a leanas:

Tráthnónta eolais ar thacaíochtaí agus seirbhísí éagsúla atá ar fáil d'Úcránaigh, leathanach gréasáin faoin Úcráin a fhorbairt ar shuíomh ghréasáin Chomhairle Contae Mhaigh Eo, eolas a sholáthar ar thacaíochtaí, cártaí DG agus leighis, iompar, eolas ar theidlíochtaí, clárú i scoileanna agus ranganna Béarla a sholáthar ina measc.

## 5 An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (Gnéithe Pobail)

Lean LCDC Mhaigh Eo i rith 2023 le monatóireacht agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar ghnéithe pobail an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail.

Tugadh faoin obair trí 4 ghrúpa oibre:

- Oiliúint, Oideachas agus Scileanna – Cathaoirleach, an tUasal Pat Howley
- Ionchuimsiú Sóisialta agus Forbairt Pobail – Cathaoirleach, an Comhairleoir Neil Cruise
- Sláinte agus Folláine – Cathaoirleach, an tUasal Laurence Gaughan
- Oidhreacht, Comhshaol, Teanga agus Cultúr – Cathaoirleach, an tUasal Justin Sammon

I measc ghníomhaíochtaí na ngrúpaí oibre agus na struchtúr cleamhnaithe don bhliain 2022, bhí:

## 5.1 An Grúpa Oibre Oideachais, Oiliúna agus Scileanna:

Lean an Grúpa Oibre Oideachais, Oiliúna agus Scileanna de chuid an LCDC in 2023 le gnéithe pobail an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a chur i bhfeidhm.

Déanann Pat Howley, MSLETB, cathaoirleacht ar Ghrúpa Oibre Oideachais, Oiliúna agus Scileanna an LCDC. Áirítear lena sainchúram deiseanna oideachais agus oiliúna a chur chun cinn do chách. Tionóladh na ceithre (4) chroíchruinniú i rith 2023.

Fostaíodh comhordaitheoir imeachta d'Aonach Gairmeacha 2024. Is iad balleagraíochtaí an ghrúpa oibre Comhairle Contae Mhaigh Eo, MSLETB, Údarás na Gaeltachta, ATU Mhaigh Eo, Coláiste Athshlánúcháin Mhaigh Eo, Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo, Cuideachta Forbartha Mhaigh Eo Thiar Theas, Cuideachta Forbartha Mhaigh Eo Thoir Thuaidh agus FSS.

## 5.2 An Grúpa Oibre Ionchuimsithe Shóisialta agus Forbartha Pobail:

Príomhghné de LECP Mhaigh Eo is ea tacú le hIonchuimsiú Sóisialta agus Forbairt Pobail agus iad a chur chun cinn. Foghrúpa idirghníomhaireachta den LCDC é an Grúpa Oibre Ionchuimsithe Shóisialta agus Forbartha Pobail agus déanann an Comh. Neil Cruise cathaoirleacht air. Chas an Grúpa Oibre ar a chéile ceithre huaire i rith 2023. Stiúrann an grúpa oibre seo an Líonra LADTI+.

**Líonra LADTI+ Mhaigh Eo**

Bunaíodh Líonra LADTI+ Mhaigh Eo chun iarracht a dhéanamh tacaíocht don phobal LADTI+ a chónaíonn i Maigh Eo a chomhordú. Úsáideadh cistiú in 2023 a fuarthas faoi chistiú na gCuntas Díomhaoin tríd an DRCD chun tacú le Cuideachta Forbartha Mhaigh Eo Thoir Thuaidh oibrí páirtaimseartha LADTI+ a fhostú. Tugadh tacaíocht in 2023 do Outwest, Sing Outwest agus do Bhród Mhaigh Eo.

**Seachtain na Feasachta ar Ionchuimsiú Sóisialta i Maigh Eo 2023**

Rinne an Grúpa Oibre Ionchuimsithe Shóisialta agus Forbartha Pobail soláthar na Seachtaine Feasachta ar Ionchuimsiú Sóisialta (MSIAW) a stiúradh in 2023.

Úsáideadh Seachtain Feasachta ar Ionchuimsiú Sóisialta Mhaigh Eo (MSIAW), a cuireadh ar bun i nDeireadh Fómhair 2023, mar dheis chun an obair thar a bheith dearfach a chur chun cinn agus a thabhairt chun solais a dhéanann na hearnálacha poiblí agus pobail ar bhonn laethúil chun idirdhealú, ciníochas, bochtaineacht agus eisiamh sóisialta a laghdú. Ba í aidhm na seachtaine tacú le tionscnaimh ar fud an chontae a chothaíonn ionchuimsiú agus comhionannas agus is deis atá ann freisin an éagsúlacht daoine i gContae Mhaigh Eo a cheiliúradh.




**Seoladh agus Bróisiúr Imeachtaí Sheachtain na Feasachta ar Ionchuimsiú Sóisialta i Maigh Eo 2023 (MSIAW)**



Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Mhaigh Eo
Mayo Local Community Development Committee




**Seoladh Sheachtain an Ionchuimsithe Shóisialta 2023 i Leabharlann Bhéal an Átha**

## An Grúpa Diúltaíonn Maigh Eo don Chiníochas

Tá mar chuspóir ag **an nGrúpa Diúltaíonn Maigh don Chiníochas** (Mayo Says No to Racism) láthair 'Gan Chiníochas' a dhéanamh de Chontae Mhaigh Eo. Gníomhaithe pobail, baill den earnáil phobail agus dheonach agus comhlacht reachtúil atá i measc bhallraíocht an ghrúpa. Bunaíodh an Grúpa in 2020. D'eagraigh siad agus thug siad Seimineár ar an gCiníochas isteach in 2023 do MSIAW 2023.

Tugadh **Cairdeas le Chéile** ar an seimineár seo agus thit sé amach ag Ionad Ealaíon Bhéal an Átha an 11 Deireadh Fómhair agus bhí cainteoirí ann agus cuireadh díospóireacht phainéil ar siúl ar an gciníochas agus ar thaithí saoil daoine i Maigh Eo maidir leis an gciníochas. Rinne an Dr John Mulloy, ATU, spreagaitheasc, labhair Declan Walsh, fear dúchasach ó Bhéal an Átha, Príomh-Chomhfhreagraí na hAfraice don The New York Times, Paddy Maughan, Maigh Eo Thoir Thuaidh, Celeste Khosa, Maigh Eo Thiar Theas, Sharon Murphy, amhránaí/cumadóir amhrán, Martin Angolo, Fuirseoir anuas ar rannchuiditheoirí eile ag an imeacht seo.



## 5.3 An Grúpa Oibre Sláinte agus Folláine:

D'fhorbair an Grúpa Oibre Sláinte agus Folláine clár oibreacha nua ag tús 2023 a chuirfí ar siúl d'fhad Bhabhta 4 Éire Shláintiúil 2023-2025. Roghnaigh an grúpa oibre Sláinte agus Folláine dhá limistéar fócais, is é sin, **Gníomhaíocht Choirp** agus **Meabhairshláinte**

Bhí an mhodheolaíocht a úsáideadh chun Clár Oibreacha Bhabhta 4 Éire Shláintiúil a fhorbairt bunaithe ar Athbhreithniú Comhthéacs a bhí á threorú ag cáipéisí straitéise náisiúnta agus áitiúla agus ar dhul i gcomhairle leis an nGrúpa Oibre Sláinte agus Folláine, a thacaigh ar son na bpríomhghrúpaí a dtugtar tús áite dóibh. Roghnaíodh na torthaí bunaithe ar riachtanais a sainaithníodh go háitiúil i rith ceithre (4) cheardlann chomhairliúcháin agus phleanála in Eanáir 2023.

**Babhta 4 Éire Shláintiúil**
I measc na ngníomhartha, bhí an méid seo a leanas:

- Dul i bpáirt le Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo chun an Rith Spraoi 'Mini Mini' a thabhairt isteach an 30 Aibreán inar ghlac breis agus 30 leanbh páirt.
- **Laethanta Spóirt Tar agus Bain Triail As, Cláir Rannpháirtíochta sa Spórt** á soláthar ag Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo agus **Ranganna Aclaíochta** inar ghlac breis agus 100 duine páirt.
- Tugadh clár Siúlóidí Dúlra isteach i dTuaisceart Mhaigh Eo, trí Chumann Meabhairshláinte Mhaigh Eo
- Socrúcháin Feirmeoireachta Sóisialta ar fud an chontae.
- Seoladh an tionscnamh Compánaigh Chultúrtha (Cultural Companions), tionscnamh Ealaíona Aostachta agus Deiseanna (Age & Opportunity Arts) ina bhfuil líonra daoine breacaosta ar spéis leo na healaíona agus an cultúr ar féidir leo freastal ar imeachtaí le chéile mar ghrúpa agus le deiseanna níos mó a sholáthar do dhaoine breacaosta páirt a ghlacadh i saol beoga ealaíon agus cultúrtha Mhaigh Eo.
- Tugadh sraith Caiféanna Ceangail (Connect Cafes) isteach ar imeacht é atá dírithe ar dhaoine a thabhairt le chéile le ceangal a dhéanamh agus le comhráite a thosú, an ceangal le daoine eile agus lenár bpobail a neartú.

**Plean Cumarsáide Mhaigh Eo Sláintiúil 2022-2025**

Lean Foghrúpa Cumarsáide an Ghrúpa Oibre Sláinte agus Folláine le gníomhartha a thabhairt isteach i bPlean Cumarsáide Mhaigh Eo Sláintiúil. Creat atá sa cháipéis le teachtaireachtaí Mhaigh Eo Sláintiúil a chur in iúl ar bhealach comhtháite éifeachtach i gcaitheamh na chéad cheithre bliana eile amach romhainn. Soláthraítear cáipéis dhinimiciúil sa phlean a bhfuil mar chuspóir aici aimsiú Maigh Eo Sláintiúil a fheabhsú ar fud an chontae.

I measc **na nGníomhartha Suntasach** a chuirtear san áireamh sa phlean, tá:

- Mír 90 soicind gach lá a thabhairt isteach ar Midwest Radio, i gcomhar le Meabhairshláinte Éireann agus comhpháirtithe éagsúla eile, FSS ina measc, le hardán a sholáthar chun teachtaireachtaí sláinte a scaipeadh ar fud an Chontae.
- Cláir eolais Sláinte agus Folláine a fhorbairt lena scaipeadh laistigh de shuíomhanna pobail.




**Tionscadail Bhreise:**

**Ciste Sláinte agus Folláine Dhídeanaithe na hÚcráine**

Bhí Maigh Eo Sláintiúil freagrach as Ciste Sláinte agus Folláine na hÚcráine ar luach €38,100 a thabhairt isteach agus a sholáthar. Ba é cuspóir an chiste sláinte agus folláine dhídeanaithe na hÚcráine a lorg cosaint in Éirinn a chur chun cinn, mar chuid den ghéarchéim dhaonnúil idirnáisiúnta a eascraíonn as an gcogadh san Úcráin.

Thug Comhpháirtíocht Leader Mhaigh Eo Thoir Thuaidh agus Cuideachta Forbartha Mhaigh Eo Thiar Theas tionscnaimh isteach, an méid seo a leanas ina measc:

- 17 rang Teiripe Ealaíne,
- 10 dturas lae teaghlaigh,
- 32 ceardlann ióga
- Cuireadh polathollán 20 méadar in airde a úsáideann go leor cónaitheoirí na hÚcráine gach lá ag Loch Chaisleán an Bharraigh agus an ceantar máguaird.

**Bochtaineacht Tréimhse**

Dháil an Roinn Sláinte cistiú chun bearta maolaithe bochtaineachta tréimhse a thabhairt isteach. Cuireadh €10,000 ar fáil in 2023 agus d'oibrigh Comhairle Contae Mhaigh Eo le comhpháirtithe áitiúla le dáileoirí agus táirgí tréimhse saor in aisce a dháileadh sna saoráidí éagsúla pobalbhunaithe a úsáidtear i gceantar tíreolaíochta Phobail Shláintiúla Sláintecare Mhaigh Eo, lenar áiríodh Oileán Acla; réigiún Iorrais agus Maigh Eo Thuaidh chun slándáil sláinteachais a mbíonn go leor ban thíos léi a chomhrac.

### 5.4 An Grúpa Oibre Oidhreachta, Comhshaoil, Teanga agus Cultúir:

Chuir an Grúpa Oibre Oidhreachta, Comhshaoil, Teanga agus Cultúir, ar a ndéanann Justin Sammon cathaoirleacht, trí chruinniú ar siúl in 2023.
Díríodh ar Chomhdháil ar an bPoblachtachas a chur chun cinn agus a eagrú in 2024 a bhfuiltear ag súil go gcuirfear ar siúl í in ATU (Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh) (tugadh GMIT - Caisleán an Bharraigh air roimhe seo) in 2024.

## 6. Comhairle na nÓg, Maigh Eo in 2023

Bhí bliain eile ghnóthach ag Comhairle na nÓg, Maigh Eo in 2023. Áiríodh na tionscadail seo a leanas leo siúd ar oibrigh siad orthu le linn na bliana:



- Leanann an Coiste lena n-obair ar an bpodchraoladh '**Conversations with Comhairle'** a bhfuil de chuspóir aige feasacht a mhúscailt ar an Meabhairshláinte. Cuireann siad agallamh tríd an bpodchraoladh ar aoichainteoirí ó sheirbhísí meabhairshláinte áitiúla, ar dhaoine móra le rá spóirt agus ar a bpiaraí.



LCDC
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Mhaigh Eo
Mayo Local Community Development Committee

- Lean baill an Choiste lena dtaighde ar an tionchar a fhiosrú a imríonn fad ar theacht ar sheirbhísí meabhairshláinte i bpobail i gContae Mhaigh Eo. Cuireadh oiliúint orthu i scileanna taighde agus tá roinnt eolais bailithe cheana féin acu trí úsáid a bhaint as taighde allamuigh agus deisce. Is é a sprioc a dtorthaí a chur i láthair cinnteoirí ábhartha agus súil acu le roinnt acmhainní nó cistiú a aimsiú do chuid de na ceantair níos tuaithe.
- Ghlac an grúpa páirt i **gCeardlann Nuálaithe Óga Sóisialta** ina ndearna siad an mheabhairshláinte a nascadh le cuid de na spriocanna forbartha inbhuanaithe. Is mian leo tabhairt faoi roinnt den ábhar seo trí **Chlár Ignite na Nuálaithe Sóisialta Óga** in 2024, ina ndéantar a n-obair a chur chun cinn agus a cheiliúradh.
- D'fhreastail na baill ar Ghradaim Showcase Chomhairle na nÓg i mBaile Átha Cliath agus rinne siad a n-obair a chur chun cinn. Áiríodh leis seo na bileoga ar chearta oibre do dhaoine óga, tionscadal an mhíchumais cheilte, a bpodchraoladh agus a dtogra taighde a chur chun cinn.
- Chabhraigh baill an choiste leis an Tionscadal Idirghlúine a phleanáil, a éascú agus ghlac siad páirt ann. Comhoibriú a bhí sa tionscadal seo idir an OPW, Comhairle na nÓg, Maigh Eo agus cuireadh ar siúl é i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh.
- Ghlac Comhairle na nÓg, Maigh Eo páirt i gcomhairliúcháin áitiúla agus náisiúnta a dhírigh ar úsáid drugaí, brandáil na Comhairle, agus ar chearta linbh.
- Thit **an Chomhdháil Óige Bhliantúil** amach Dé Céadaoin, an 25 Deireadh Fómhair in Óstán an Ivy Tower, Caisleán an Bharraigh. D'fhreastail 178 duine óg ó 14 scoil éagsúla ar fud Mhaigh Eo ar an gcruinniú.

B'éard a bhí i gceist le gné chomhairliúcháin an imeachta ná dhá cheardlann agus d'úsáid an chéad cheann modh an spáis oscailte a chuir an cheist ar na toscairí, 'Cad iad na saincheisteanna is mó ar gá do dhaoine óga i Maigh Eo plé leo inniu?'. Fiosraíodh na saincheisteanna a tháinig chun solais sa dara ceardlann, ar ar tugadh an Caifé Domhanda ('World Café'). Tugadh an deis dóibh siúd a bhí i láthair gach ceann de na trí ábhar a scrúdú trí cheisteanna a chur agus díospóireacht a chur ar siúl. Ba é Strus Scoile/Scrúdaithe an t-ábhar ar caitheadh an líon ba mhó vótaí ar a shon.

- Bhí an rath ar Chomhdháil Chomhairle na nÓg, Maigh Eo 2023 agus léirigh 20 duine óg gur spéis leo ballraíocht den choiste a ghlacadh don bhliain 2024.

## 7. Clár Phobail Shláintiúla Sláintecare Mhaigh Eo

Sláintecare. Healthy Communities

Tugadh tús áite do dhá théama i bPobail Shláintiúla Sláintecare in 2023 – (1) gníomhaíocht choirp, agus (2) rannpháirtíocht an phobail.

Dhírigh an clár gníomhaíochta coirp ar fheabhas a chur ar dheiseanna agus ar an gcéatadán daoine a mhéadú a shásaíonn na caighdeáin íosta a mholtar. Cuireadh Clár spreagúil Siúil le Bataí Activator i bhfeidhm i gcomhoibriú le Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo a soláthraíodh sa Chaol, Acaill, an Corrán i mBéal an Mhuirthead, Baile an Chaisil, Gaoth Sáile, Baile an Chaisil, Baile Chruaich agus ghlac 180 rannpháirtí páirt ghníomhach ann.

Glacadh leis an gClár i mBéal an Mhuirthead le díriú ar Dhaoine Aonair ar a bhfuil galar scamhóige toirmeascach ainsealach (COPD) agus pian ainsealach tríd an gclár Ag Maireachtáil go Folláin (Living Well). Rinne an clár ceiliúradh in 2023 ar chríochnú rathúil an chláir ag oibrithe deonacha, a chinntigh inbhuanaitheacht an chláir in Acaill, sa Chorrán agus sa Mhala Raithní. D'éirigh le comhoibriú le Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo i mBealtaine 2023 cistiú a fháil do ghníomhaíocht choirp d'oibrithe sláinte agus bhí an t-iarratas seo i measc na sé (6) cinn ar fud na tíre ar éirigh leo. Chuir an Clár Siúil le Bataí Activator an deis ar fáil chun na ranganna a dhéanamh taobh amuigh ar chonairí agus ar shiúláin reatha.

Earcaíodh na ceithre (14) oiliúnóir déag nua anois agus soláthraíodh cláir nua, Ióga Cathaoireach, Oiliúint Láidreachta agus Aclaithe do Mhná agus Seanóirí agus an clár Pilates ar mhaithe le Sláinte Chnámh in Acaill agus Baile Chruaich.

Aithníodh an rath a bhí ar an gclár i Meitheamh 2023 nuair a sheol an tAire Hildegarde Naughton ár mBealaí Bataí Aclaí de chuid Phobail Shláintiúla Sláintecare Mhaigh Eo agus rinne TV Ireland an t-imeacht a thaifeadadh.



LCDC
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Mhaigh Eo
Mayo Local Community Development Committee









Sainaithníodh rannpháirtíocht an phobail mar thús áite i gcruinnithe luatha scóipeála in 2022. Rinne an tOifigeach Forbartha Áitiúla (LDO) ionadaíocht don chlár i rith 2023 ag 17 n-imeacht eolais phoiblí agus ag 36 Cruinniú Idirghníomhaireachta, chas siad le 49 grúpa pobail i measc 10 láthair Phobail Shláintiúla Sláintecare, Acaill, Béal an Mhuirthead, Gaoth Sáile, Baile an Chaisil, an Leacain, Baingear Iorras, Baile Chruaich, Gleann na Muaidhe, Ceathrú Thaidhg agus an Corrán Buí ina measc agus rinne siad idirchaidreamh le breis agus 180 rannpháirtí.

Seo a leanas cuid de bhuaicphointí an chláir.

**Educate By Nature: Comhoibriú le hIonad Oideachais Allamuigh Acla (MSLETB)**

Tús eolais ar oideasú sóisialta glas agus gorm don phobal áitiúil in Acaill a nascann feabhsú ar mheabhairshláinte le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an taobh amuigh. Tugadh na tairbhí isteach sa tionscadal a bhaineann le hoideasú sóisialta glas agus gorm, a sholáthraíonn an deis chun dul i ngleic le riachtanais ilghnéitheacha ógánach agus an phobail áitiúil trí fholláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta a chur chun cinn trí idirchaidreamh a dhéanamh leis an dúlra. Is ionann an idirghabháil dhúlra-lárnaíoch seo agus cur chuige réamhghníomhach agus iomlánaíoch i leith folláine a chothú. Bhí an idirghabháil ceaptha timpeallacht thacúil agus saibhrithe a chruthú a chothaíonn torthaí dearfacha forbartha d'ógánaigh agus don phobal i gcoitinne.



LCDC
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Mhaigh Eo
Mayo Local Community Development Committee

- Cuireadh 6 cheardlann ar siúl do 25 Dalta Idirbhliana i gColáiste Acla.
- Cuireadh 3 cheardlann phobail ar siúl don phobal in Acaill.

**Comhoibriú Tionscadal Ealaíne Pobail le Glór na dTonn, an Corrán**

Forbraíodh an tionscadal i gcomhoibriú leis an bpobal sa Chorrán leis an méid seo a leanas a dhéanamh:Feasacht a mhúscailt ar thruailliú trá agus an tionchar a imríonn sé ar éiceachórais mhuirí.

- An pobal a spreagadh chun gnímh agus oideachas a chur air faoi thábhacht chaomhnú an chomhshaoil.
- Suiteáin áille ealaíne a dhéanamh de bhruscar a caitheadh ar an trá.
- Rannpháirtíocht an phobail, comhoibriú, agus braistint úinéireachta a chothú.

I measc na dtorthaí, bhí:

- Ba é an toradh intomhaiste láithreach gur baineadh trí ualach trucaile de bhruscar ó thránna áitiúla.
- Inniúlacht an phobail a fhorbairt trí chairdeas nua a rinneadh trí am agus spás a roinnt sa phróiseas cruthaitheach ina ndéantar ealaín ónar eascair taispeántas píosaí ealaíne i Samhain 2023.

**Tionscadal Sláinte Fear Iorrais i gcomhoibriú le hÁras Inis Gluaire agus foireann Sláinte agus Folláine FSS.**

Forbraíodh an tionscadal chun barr feabhais a chur ar shaol Fear níos sine ná 60 bliain d'aois a chónaíonn i gCeantar Iorrais. Sholáthair an Crannchur Náisiúnta agus Pobail Shláintiúla Sláintecare cistiú don tionscnamh. I measc na hidirghabhála, bhí cláir aclaíochta, ceardlanna faisnéise sláinte, ceardlanna ar bhia agus ar chothú, oidhreacht staire agus turais go hionaid ábhartha. D'oibrigh an tionscadal le 35 fear. Rinneadh Tionscnamh Sláinte Fear Iorrais a pháirtchistiú le cistiú crannchuir FSS agus soláthraíodh é leis an gcomhpháirtí um chur i bhfeidhm, Áras Inis Gluaire.

**An Tionscnamh 'Buail Isteach' i gcomhoibriú le Comhlacht Forbartha Áitiúil Acla Teo.**

Tá an tionscnamh seo dírithe ar gach duine breacaosta agus leagadh béim ar leith orthu siúd a chónaíonn leo féin agus nach bhfuil iompar acu i gceantar Acla. Tá an tionól seachtainiúil ar oscailt do gach ball den phobal ar spéis leo gníomhaíochtaí sóisialta agus an Ghaeilge. Bhí an tionscnamh seo ceaptha go príomha aghaidh a thabhairt ar aonrú sóisialta i measc grúpa leochaileach i gceantar faoi líon beag daoine. Forbróidh an bhéim ar ealaíona, ar cheol agus ar an teanga muinín agus imreoidh sé tionchar dearfach ar mheabhairshláinte an rannpháirtí. Ó pheirspictíocht phobail, tugtar le chéile sa tionscnamh seo daoine éagsúla ón gceantar áitiúil agus taispeánann sé dóibh gur cuid den phobal iad a dtugtar aire dóibh agus a léirítear luach orthu.

Tugtar faoi **Chomhoibriú Eile** le:

- Grúpa Idirghníomhaireachta Alca, Foróige Acla ar Lá Óige Fhéile Chill Damhnait i Lúnasa 2023 i nDumha Éige.
- Foireann Sláinte agus Folláine FSS, cuireadh sé Aonach Sláinte ar siúl ar fud an réigiúin



LCDC
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Mhaigh Eo
Mayo Local Community Development Committee

- Neart Acla, cistiú d'urlár do sheid an phobail.
- Seirbhísí Cúraim Chill Chomáin Teo., tacaíocht d'iompar don chlár gníomhaíochta coirp.

Ag féachaint chun cinn go dtí 2024, tá tionscadal Taighde Litearthachta Sláinte ar bun againn le hÉire Shláintiúil, an Rialtas Áitiúil, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Pobail Shláintiúla Sláintecare Fhionnghlaise agus na Cabraí.

Deimhniú na hamlíne do thuarascáil agus seoladh Litearthacht Sláinte Náisiúnta:

**Feabhra:** Seolfaidh DCU dréacht-tuarascáil chuimsitheach ag deireadh Feabhra do

**Márta:** Éascóidh DCU agus Sláintecare ceardlanna comhdheartha i bpearsan i gcomhpháirt le torthaí a chorpraítear sa tuarascáil deiridh

**Aibreán:** Seolfaidh DCU tuarascáil chuimsitheach (achoimre feidhmiúcháin san áireamh) ag deireadh Aibreáin.

Anuas air sin:

Soláthróidh DCU seimineár gréasáin d'fhoireann agus comhpháirtithe Phobail Shláintiúla Sláintecare, ar féidir é a roinnt ar shuíomh gréasáin.

Soláthrófar ocht (8) gCeardlann Phobail ina bhfuil baint ag Pobal an Chorráin, Seid na bhFear, Acaill, Seid Phobail Purteen, Grúpa Ban Iorrais, Grúpa Fear Iorrais, Seid na mBan, Baingear Iorras, Grúpa na Céadaoin.



# Ráiteas Scoir

Ba bhliain eile ghnóthach ach táirgiúil é 2023 do LCDC Mhaigh Eo. Lean an LCDC, faoi cheannaireacht an Comh. Neil Cruise agus an Comh. Al Mc Donnell, ag tabhairt aghaidh ar chlár oibre uaillmhianach lenar áiríodh maoirseacht a dhéanamh ar go leor cláir chistithe.

Caithfear comhoibriú bhaill agus chomhpháirtithe uile LCDC Mhaigh Eo le bliain anuas a aithint. Cinntíonn struchtúr agus oibriú LCDC Mhaigh Eo go soláthraítear cláir go héifeachtach agus go n-uasmhéadaítear deiseanna cistithe do na pobail i gContae Mhaigh Eo. Gabhaim mo bhuíochas leis an gComh. Neil Cruise as an tiomantas a léirigh sé agus as an tacaíocht a thug sé mar Chathaoirleach. Tá muid ag tnúth le leanúint leis an obair seo trínár gCathaoirleach nua, an Comh. Al McDonnell.

Leanann foireann Rannóg Pobail agus Forbartha Comhtháite Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus ár gcomhghleacaithe sna Cuideachtaí Forbartha Áitiúla lena dtiomantas a léiriú do sholáthar a dhéanamh do Mhaigh Eo trí oibriú le chéile agus líonraí tacaíochta a fhorbairt. Molaim a gcumas soláthar a dhéanamh agus oiriúnú do na riachtanais shíorathraitheacha agus do riachtanais an chláir oibre. Thugamar faoi deara arís eile in 2023 láidreacht agus athléimneacht earnáil an phobail agus na hearnála oibrithe deonacha i Maigh Eo. Ní fhéadfaimis ár n-obair a dhéanamh murach an díriú comhroinnte seo ar shaolta iad siúd a chónaíonn i Maigh Eo a fheabhsú. Tá muid ag tnúth le 2024 agus le leanúint ag oibriú libh go léir ar mhaithe le Maigh Eo.

*Deirdre Finnerty, Príomhoifigeach*



**Chun teacht ar eolas breise ar LCDC agus LAG Mhaigh Eo, déan teagmháil, le do thoil, leis an Rannóg Pobail agus Forbartha Comhtháite i gComhairle Contae Mhaigh Eo community@mayococo.ie**